

MANUSCRIPT MEN

EILÍS Ní DHEÁ

Already amongst the Celtic, and exclusively Irish-speaking population, there existed a class called Manuscript men, whose pride it was to read, to study, to transcribe, and to preserve any writings they could find in their native tongue. These were generally old legends, bits of Irish history, or sometimes fragments of the classics.¹

Iníon mhinistir a scriobh an méid sin sa bhliain 1887 agus i ag trácht ar bheatha a hathar, Rev. John Alcock agus ar an saol a bhí ann ag túis na haoise sin. Is ar an aicme áirithe sin, i.e. na *manuscript men* a bhí ag saothrú i gContae an Chláir san ochtú agus san naoú céad déag a dhíreoidmid ár n-aire san alt seo. Deir an t-Athair Pádraig Ó Fiannachta linn nach féidir labhairt le héifeacht ar litriocht na Gaeilge gan eolas éigin a bheith ag duine ar ár n-oidhreacht lámhscríbhinní:

Ciallaíonn *litriocht* fós i measc scoláirí áirithe Gaeilge, litriocht na lámhscríbhinní. Nuair a deirtear, tá sé “le fáil sa litriocht” sé bhíonn i gceist . . . ná go bhfuil sé le fáil sna lámhscríbhinní, luath nó déanach. Leid is ea an méid sin de thábhacht na lámhscríbhinní . . . Tar éis an tsaoil, is orthu sin atáimic ag brath go hiomlán, geall leis, le heolas a chur ar ar scriobhadh sa

teanga go dtí bunú Chonradh na Gaeilge Is iad ár lámhscríbhinní ár bhfoinse dár litriocht agus dár dteanga.²

Más tábhachtach linn ár noidhreacht lámhscríbhinní, is rithábhachtacht linn lucht a scríofa. Nuair a thugann duine aghaidh orthu sin a bhí ag saothrú an traidisiún i gContae an Chláir san ochtú agus sa naoú céad déag, ní miste ar dtús, b'fhéidir, súil ghairid a chaitheamh siar ar an oidhreacht a tháinig anuas ag na scriobhaithe sin. Ba sna seanmhainistreacha dúchais a scriobhadh formhór na lámhscríbhinní atá tagtha anuas chugainn ón 9ú go dtí an 12ú haois. On 13ú haois anuas go dtí an 17ú haois, ní sna mainistreacha a bhí príomhchuisle an léinn ag borradh a thuilleadh ach sna teaghlaigh mhóra liteartha a d'fhorbair is a d'eascair sa ré úd. Níor bh aon eisceacht é Contae an Chláir maidir le saothrú an traidisiún dhúchais; bhí a chion féin de scoileanna léinn ann. Ar na teaghlaigh liteartha ba mhó cáil sa chontae, bhí muintir Dhúbhdábhóirinn a raibh scoil thábhachtach dlí acu i gcathair Mhic Neachtain sa Bhoireann. Ó lámh Dhómhnaill Uí Dhubbhábhóirinn a thagann ls. Egerton 88, i Leabharlann na Breataine [B.L.], lámhscríbhinn 23 Q 6 (d) in Acadamh Ríoga na hÉireann [R.I.A.] agus blúire lámhscríbhinne atá ar caomhnú sa *Kongelige Bibliotek* in Copenhagen agus dátaí ó 1564-1569 leo. Ó dheas, bhí scoil Uí Mhaolchonaire san Ardchoill. Ón gclann sin agus ó na deartháraча Seán agus Iollann ina measc, tagann lámhscríbhinn i Má Nuad [M.N.], C.I, cóip de cheann de na leaganacha is sine dá bhfuil againn de *Táin Bó Cuailnge*. Ina theannta sin, is ó pheann Iollain a tháinig R.I.A. 23 D 2 agus R.I.A. 23 O 19 ina bhfuil cóip de *Foras Feasa ar Éirinn* a scriobhadh sa bhliain 1643. Taobh leo siúd, bhí Clann Mhic Fhlanncadha i Ros Muineachair lena mbaineann B.L. Egerton 98, 99. Bhí lámhscríbhinní leighis á ngraifneadh chomh maith, mar shampla R.I.A. 24 P 26 ó láimh Dhonnchaidh Óig Uí Iceadha sa bhliain 1469 agus B.L. Egerton 89 a scriobh Domhnall Albanach Ó Troithigh in 1482. Le cois orthu siúd, bhí clann Mhic Cruitín agus clann Mhic Bhruaideadha a bhí mar ollúna do mhuintir Bhriain, do mhuintir Dheá agus do chlann Mhic Chonmara, agus muintir Dhálaigh a raibh scoil bhairdne acu ag Fiadhach Bhearna sa Bhoireann. Níor bheag an oidhreacht,

más ea, a bhí á seachadadh ag lucht an léinn nuair a scuabadh na cosa uatha leis an scrios a deineadh ar na huaisle Gael a bhí mar phátrúin orthu sa 16ú agus sa 17ú haois. Le maidneachan an 18ú haois, is beag oidhre ar na seanteaghlaigh léannta nach raibh imithe le faill. Ní raibh aon Ó Dubhdábhóireann ó Chathair Mhic Neachtain ná Ó Maolchonaire ón Ardchoill, ní raibh aon Dálach ná Mac Fhlanncadha ó Ros Muineachair. Níor sheas an fód go dtí an dé deiridh ach clann Mhic Cruitín ó Mhoghas. Ní hamhlaidh go ndeachaigh an léann in éag d'aon bhuille tubaisteach amháin; i ndáirire, níor imigh an dé as riamh. Fiú murar leor ceird na litriochta a thuilleadh chun snáth a choimeád faoin bhfiacal, tháinig glúnta daoine ar an bhfód a bhí lán-sásta a bheith ag gabháil de shaothrú an dúchais ar bhonn pairtaimseartha. An féidir sampla níos fearr a fháil ná an té a dúirt,

is fearr ceirde mé agus is m'aimsir dhiomhaoin doroine me an cnuasacht so. Dá bhrí sin ní féidir é a bheith chomh slachtmhar le scribhinn do dhéanfadh fior chléireach.³

Bhí ré na scriobhaithe seo nár bh 'fhíorchléirigh' iad faoi bhlath sna 18ú agus sa 19ú haois, iad ag scriobh mar chaitheamh aimsire nó ar iocaiocht fhánach ach iad ag baint amach slí bheatha dóibh féin mar mhaistrí scoile sna scoileanna scairte, agus cuid eile fós ina bhfeirmeoiri nó ina bhfir cheirde. Corr dhuine anseo is ansiúd a d'aimsigh patrún buan dó féin. Bhílear maith daoine ag scriobh i gContae an Chláir i gcaitheamh an dá aois seo, - tá lámhscríbhinní tagaithe anuas againn ó isteach is amach le céad scriobhai a bhí i mbun pinn am éigin i rith na tréimhse seo. Tá suas le leath-mhile lámhscríbhinn a bhaineann leis an gClár ar caomhnú inár leabharlanna in Éirinn agus tharlear a scriobhadh sa dá aois seo, a bhformhór i mBaile Átha Cliath, cuid eile i leabharlanna ár gColáistí Ollscoile, sa Bhréatain i Meiriceá agus an beagán fós i seilbh phríobháideach. Ar éigean is gá a lua nach bhfuil sa leathmhile seo ach fuilleach scáinte an áir. Go deimhin, níl aon scanradh ach a bhfuil de chuntais ar lámhscríbhinní a dóadh nó a cailleadh nó a chuaigh le failt bealach amháin nó bealach eile. Fiú ón lón lámhscríbhinní atá ar marthain, is léir dúinn go raibh saibhreas maith scriobhaithe sa Chláir san dá aois atá i gceist. Cad

ina thaobh an dlús seo scriobhaithe i gContae an Chláir, i gContae Chorcaí agus i gCúige Mumhan i gcoitinne thairis ceantair eile? Ní hamháin gur tábhachtach linn an cheist sin ach laistigh den chontae féin, ba í Corca Bhaiscín lárionad an léinn ó Inis Diomáin go Ceann Léime agus soir go Cill Ruis. Níor mhór cúinsí staire, toisí tíreolaíochta agus antraipeolaíochta a mheá go cruinn chun léamh sásúil a dhéanamh ar dháileadh na n-ionad léinn san dá aois inspéisí seo.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an ré seo, díreoirímis ar chúpla scriobhai ar leith. Tosnaímis in iarthaí an Chláir i Magh Ghlas lámh le Mullach, mar is ann a shaothraigh scriobhai mó� agus file chomh maith, Aindrias Mac Cruitín. Seo a leanas an colafan atá ar ls. 23 0 10 atá ar caomhnú in Acadamh Ríoga na hÉireann: ‘Foras Feasa ar Eirind, an dara leabhar, mar a nochtar príomhdhála Eiríond ... do sgríobhadh le hAindrias Mhic Cruitín ... A.D. 1703 a cClochan Mhaoil na Tine a n-Aoibh Breacáin a cContae an Chláir.’ Tá cùig ls. eile againn ó lámh Aindréis Mhic Cruitín ina bhfuil cóip de ‘Foras Feasa ar Eirinn’; tá trí cinn díobh sin san Acadamh,⁴ tá ceann amháin sa Leabharlann Náisiúnta⁵ agus an ceann deireanach i Leabharlann na Breataine.⁶ Ní fios cé mhéid cóipeanna eile de *Foras Feasa* a dhein sé nach bhfuil ar fail againne inniu. Maireann trí chóip dá chuid de ‘Trí Bhiorghaoithe an Bháis’.⁷ Luitear an log Dún Ogáin le ceann de na cóipeanna sin, ls. 3 C 18 san Acadamh, ‘.. Aindrias Mac Cruitín de Dunogane in Comitatu Clare AD MDCCIX,’⁸ agus tugtar ainm sealbhóra ‘Padhraig Leithleas (Pat Lillis) 1804’ agus nóta le B(rian) O’ L(ooney). Tugann an t-Ollamh Brian Ó Luana blúire eolais i dtáobh na lámhscribhinne sin in *Proceedings of the Royal Irish Academy*:⁹

The ms. was discovered at a place called Inch in the parish of Ballyea about three miles west of Ennis by .. labouring men who were engaged in removing an old foss and clearing out an old drain ... It was written AD 1709 and possibly from Keating’s original by Andrew Mac Curtin one of the best Irish writers in succession to Dr. Keating himself of whom we have any knowledge. He was a native of West Clare and Ollamh and historian to the O’Briens of Thomond, and author of a history of the Dalcassians and their country, known as Mac Curtin’s “Book of Munster”.¹⁰

Cóip eile de Trí Bhiorghaoithe an Bháis is ea ls. Renehan [R.] 66 atá ar caomhnú i gColáiste Phádraig, Má Nuad. Is léir gur cheann-aignigh agus gur athdhíol comhscríobhai an ls. áirithe seo breis is céad bliain tar éis bhliain a scríofa agus tugadh praghas maith uirthi de réir an nóta atá léi; ‘Do cenna mise an leabhair seo air seacht scillinge(?) .. Is liomsa Micheál Ó Raghdhliodh an leabhar seo, óir do cheannaigh mé é ó Dhomhnall Ó hUiginn’.¹¹ Meán Fomhair 1828 agus Deireadh Fomhair 1825 na dátaí atá le nóta an Raghallaigh, agus maidir le Domhnall Ó hUiginn - b’shin Domhnall Ó hUiginn ó pharóiste Dhroma Chléibh, Inis, a bhí ag scriobh sa 19ú céad. Tá go leor scríofa ar shaol Aindréis agus ina theannta sin, d’fhoilsigh Liam Ó Luighnígh bailiúchain dá chuid dánta, Dánta Aindréis Mhic Cruitín - níl an bailiúchán iomlán ar ndóigh, agus deireann Ó Luighnígh linn sa réamhrá:

not only was he a poet but a genealogist and antiquarian as well. He made several excursions thro’ the country in search of genealogical and literary materials, but was not a wandering bard, like so many of his profession at the time. The narrow limits of his income compelled him to become a schoolmaster of his native place.. His chief benefactors were Edward O’Brien of Ennistymon, Sorley Mac Donnell of Kilkee and his wife, Isabel O’Brien, daughter of Christopher O’Brien of Ennistymon.¹²

Chítear, más ea, go raibh fós ar an saol, clanna ar nós Shomhairle Mhic Dhomhnaill agus a bhean a dhein patrúntacht ar scriobhaithe, agus, dála na laethanta a bhí, dhein an scriobhai an cúnamh seo a chuíteamh i bhfoirm véarsaiochta. Féach ‘Aiste agus duain a n-onór do Shamhairle Mac Domhnaill agus dá bhean, Isibéal, inghean Chríostóra Uí Bhriain, Innis-Tigh-Meadhon’ - mar atá in *Dánta Aindréis Mhic Cruitín*, agus ina dhiaidh sin arís, tá dán eile i ls. eile de chuid an Chruitínigh, C41 i Má Nuad:

dhon uasal fhíor cráibhthigh darb pearsa an leabhar so ... i. Seabhán, inghean tSeamúis Mhic Con Mara Aindrias Mac Cruitín cct. Tos.: “A bhile gan bhéim is gléire suidheas gach lá”.¹³

Bhí Seabhán Nic Connara pósta ar Eamon Ó Maolruanaigh. Is léir, go raibh Aindrias ag bogadh ó phátrún amháin go pátrún eile - níor éirigh leis pátrún buan a bhaint amach dó féin riamh. Castar Aindrias orainn arís agus é ag athscríobh Leabhar Uí Lochlainn i gcoír mhuintir Lochlainn de chuid an 18ú céad - tá an ls. sin san Acadamh, E iv 3. Sa bhliain 1721, dhein Aindrias cóip de Chaithréim Thoirdhealbhaigh, i. stair mhuintir Bhriain, agus tá an ls. sin ar caomhnú i gColáiste na Tríonóide inniu, ls. H. 1. 18. Ba í eiseamláir Aindréis ná bunchóip an údair féin, más fior - .i. Sean Mac Ruairí Mhic Craith, ollamh le stair do mhuintir Dhál gCais sa 15ú céad. Tá stair an-suimiúil leis an ls. seo de chuid Mhic Cruitín. Tháinig sí i seilbh an Easpaig Seán Ó Briain i gCorcaigh uair eigin roimh 1762 agus deireann Breandán Ó Conchúir linn¹⁴ gur dhein Micheál Ó Longain cóip di agus gur shíolraigh ó chóip seo an Longánaigh, go díreach nó go hindíreach formhór dá bhfuil anois againn de chóipeanna. An mó ls. dá chuid atá tagaithe anuas againn, más ea? Tá trí cinn is fiche áirithe agamsa atá ar caomhnú sna leabharlanna éagsúla. Scríobh sé i bhfad Éireann níos mó ná sin, - agus mar fhianaise air sin, níl le déanamh againn ach féachaint a mhinicí is a luaitear ls. leis mar eiseamláir lss. eile, agus an chosúlacht ar an scéal go bhfuil cuid mhór dos na heiseamláiri sin imithe le fail. Cad eile ar chuir Aindrias suim ann seachas saothar Chéitinn? Dála morán da chomhscríobhaithe, bhí sé an-tugtha do Bheathaí na Naomh - maireann trí ls. uaidh ina bhfuil cóip de *Bheatha Phádraig*.¹⁵ Maireann cóip dá chuid de *Chath Maighe Mucroimhe*¹⁶ agus d'athscríobh sé go leor cóipeanna *d'Eachtrai*. N'fheadar sinn cathain go díreach a cailleadh Aindrias. Táim sásta glacadh le dearbhú Mhichíl Uí Raghallaigh a deir: ‘Déanadh é a adhlacan a gCill na bhFear Buidhe a nlbh Briceán ... AD 1749’¹⁷ Dob é Aodh Buí Mac Cruitín, colseisir le hAindrias, a scriobh marbhna dó: ‘Ní buan brón go bás ollamh Truagh an cás a dtuadh ’úin’.¹⁸

Tá ls. ar caomhnú in Acadamh Ríoga na hÉireann faoin uimhir 23 H 22 agus seo a leanas nóta an scriobhaí:

Pettar Ua Conaill san cCeathramhain Dhoithte (?) a cContaoi an Chláir 1803.¹⁹

MANUSCRIPT MEN

Deir D. F. Gleeson:

The name “Carne” is not now to be found on the Ordnance Survey map in that form but is still used locally. The original Irish form was either “Ceathrú Dóite” or “Carn Dóite” now shown on the map as “Carrowdotia”.²⁰

Má bhí an cháil amuigh ar Aindrias Mac Cruitín go raibh sé ar ‘one of the best, if not the very best scholars of his day’²¹ ní comórtas aonair a bhí ann, mar seo a leanas an cur síos a dhein James Hardiman ar Pheadar Ó Conaill thuasluaite,

the compiler was the best scholar of latter times. He was 40 years occupied on his Dictionary to which he was continually adding to until his death, which happened near Kilrush ... 1826.²²

Níl aon amhras ná gur scoláire é Peadar Ó Conaill agus nuair a luann Hardiman “compiler” ansin, is ag tagaírt dá fhoclóir Gaeilge - Béarla a bhí sé, gan dabht, a bhfuil an bhunchóip shínithe i Leabharlann na Breataine inniu, Egerton 83. Máistir scoile dob ea Peadar agus tugann Eoghan Ó Comhraídhe cuntas air:

About the year 1812, Dr. O'Reardon of Limerick took him into his house ... he remained with Dr. Reardon 'til about 1819 when they disagreed upon the mode of publishing the Dictionary; upon which O'Connell went down to his brother's Patrick O'Connell of Carne, taking all his manuscripts with him and remained there, unheeded, until his death in 1824.²³

Tá go leor tuairisci ar cad a d'imigh ar an bhfoclóir tar éis bhás Pheadair .i. gur thug Dónall Ó Conaill droim laimhe d'Anthony O'Connell (mac dearthár Pheadair) nuair a d'iarr sé ar Dhónall an ls. a thógaint uaidh an lá úd i dTrá Lí. D'éirigh le James Hardiman greim d'fháil uirthi agus ba é a deireadh ná gur dioladh í le Músaem na Breataine - .i. mar a luadh ó chiannaibh Egerton 83. Dhein Seán Ó Donnabháin cóip di agus sin iad Egerton 84 agus Eg. 85 sa leabharlann chéanna. Tá cóip eile di i gColáiste na Tríonóide 4. 5. 27 móide ceann eile fós san Acadamh, 25 B 34. Is

léir go raibh suim thar na bearta ag Peadar i bhfoclóireacht agus i gcúrsaí gramadaí. Foclóireacht agus sanasáin atá i seacht gcinn dá lsí. a mhaireann. D'oibrigh Peadar Ó Conaill do Charles O'Connor, Belanagare, tá a fhios againn é sin ó ls. san Acadamh 23 L 21 arbh é Peadar a scríobh cuid (b) di, mar bhí sé ag scríobh ó bhunchóip le Charles O'Connor a bhí ina phatrún ag an am. Luanear na blianta 1787, 1785, 1791 leis na leathanaigh seo, agus an áit scriofa ‘Coláiste na Tríonóide láimh re Seandún Duibhlinne’, luanear an log ‘Tullowbrack’ chomh maith. Scríobh sé ls. eile - Addendum 4707 i gCambridge, scríobh sé í ‘a gcoláiste Bhaile A/C a mí November 1791’. Dhein Peadar roinnt mhaith scríbhneoireachta do Theophilus O’Flanagan m.sh. RIA 23 H 39 a scríobhadh sa bhliain 1787. Ní amháin sin, ach is léir go raibh an bheirt áirithe sin ag obair i bpáirt ag cur lsí. le cheile - m.sh. RIA 24 G 20; 23 F 12; 24 D 7; 24 D 2; chomh maith le trí ls. eile i Leabharlann na Breataine agus C99 i Má Nuad. Patrún eile a bhí ag Peadar Ó Conaill ná an Chevalier Ó Gormáin. Bhreac sé RIA 24 D 2 ‘for the use of the Chevalier O’Gorman’ móide 24 D 7 ina bhfuil ginealaigh mhuintir Ghormáin. Do scríobh an Chevalier teastas molta do Pheadar sa bhliain 1797; is féidir linn teacht air sin i ls. Má Nuad, C 74 (g) 8. Seo a leanas an téacs de:

I hereby certify that I have known Mr. Peter O'Connell these several years, and more particularly, these last five months that he has lived with me. I have frequently employed him in translating some obsolete Irish books which he has done to my satisfaction. He always behaved himself honestly and soberly which I attest at Dublin this 19 April 1797. Chev. O'Gorman.²⁴

Tá go leor eolais bheatháisnéise againn ar Pheadar Ó Conaill. Is fiú tagairt do chuntas suimiúil a foilsiodh in *The Irish Monthly* sa bhliain 1886 ag Mrs. Morgan John O'Connell.²⁵ Cuntas ar an seanchaí Teige Mac Mahon atá ann ach is mó d'eolas a thugtar ar Pheadar Ó Conaill. Mhúin an Conallach Tadhg agus insíonn Tadhg scéal faoi Murtagh McMahon ó Chluain Fhiodhna, fear ar theastaigh uaidh go rianfaí a ghinealach dó.

Murtagh then appealed to a certain learned Irish scholar name Considine, who had not the courage to avow his incompetence, but asked for time and visited the hedge-school where Peter (Ó Conaill) held sway. Peter knew where to come at the required information, but had no notion of telling it to his brother scholar.²⁶

Gheall sé do Mhac Consaidín go bhfaigheadh sé an t-eolas dó dá bhfanfadhbh Mac Consaidín i bhfeidhil na scoile. Tharla amhlaidh agus bhí Ó Conaill in ainm a bheith ag taisteal na tíre ag bailiú an ghinealaigh:

I suspect however (a deir Mrs. O'Connell) he simply got at the papers of Hugh Mac Curtin ... and he presented himself not to his brother pedagogue, (Mac Consaidín), but (rather) to Murtagh Mac Mahon of Cluain Fhiadhna armed with a voluminous document.²⁷

Ní gá a rá gurbh é Peadar a thuill an luach saothair dá bharr fad a bhí an t-ionadáí ag déanamh chúram na scoile dó saor in aisce. Séamas Mac Consaidín an file a bhí i gceist, ní foláir, a thaithíodh tigh Eoghain Mhóir Uí Chomhraí i dteannta Pheadair Uí Chonail agus daoine eile. Maireann breis is dhá scór ls. ó lámh Pheadair Uí Chonail, agus níl ansin ach an méid gur féidir linn lámh a leagadh orthuanois. Chomh maith le suim a chur i bhfoclóireacht agus nginealaigh, tá a chuid lsí. lomlán de dhánta de gach saghas. Tá cóip againn uaidh de *Chaithréim Thoirdhealbhaigh*,²⁸ de *Bheathe Chríost*²⁹ agus *d'Aiste Cheapbháill*.³⁰ I dteannta na lsí. a tháinig óna láimh féin, tá fianaise ann go mbíodh sé ag ceartú agus ag bailiú ls. a tháinig óna láimh féin, le scriobhaithe eile. Níor nós lei na scriobhaithe oiread sin eolais a scaoileadh linn fúthu féin ach am go chéile, tagaimid trasna ar cholofan deas. Tá a leithéid sin ag Peadar Ó Conaill i ls. C99 i Má Nuad:

²⁶83 - Father died. '84 - Mother died.

²⁷85 Began trade in May at Tull (low)

²⁸91 In the College

²⁹96 On the ramble

'98 In the County of Clare etc ..³¹

Sa ls. seo chomh maith, tá litir a scriobh Tadhg Ua Flannagáin chuig Peadar Ó Conaill ina ndeireann Tadhg le Peadar go m'bhféidir go gceannódh 'the Gaelic Society' i Luimneach a chuid leabhar uaidh. 'Limerick 21st May 1812' is ea dáta a scríofa. Agus ar deireadh, léimis nóta beag a bhreac Eoghan Ó Comhraidhe ar ls. eile de chuid Pheadair i., C 38 (k) i Má Nuad, ls. a scriobh Peadar 'sa Tulaig Bric' sa bhliain 1796. Seo a leanas a scriobh Ó Comhraidhe:

Agus atá an Tulach Breac sin beagán slíge allaniartuaidh do Chill Irois i fail Inse Chathaigh. Agus mise Eoghan Og Mac Eoghain Mhóir Uí Chomhraidhe ó Dhún atha Thiar, seacht míle allaniarr don Chill Irois cheadna. Agus ba mhaith agus ba muinnteardha m'aithne ar an bPeadar léigheannta Ó Conaill tuas noch do éag ag an gCarn, i. ionad a bheatha, allanoir de Chill Rois san mbliadhan 1824, Eugene Curry, 19 Portland Street North, 8th January 1848.³²

Nóta beag deas ó scriobhai amháin chuig scriobhai eile. Ba scriobhaithe móra san 18ú haois Aindrias agus Aodh Buí Mac Cruitín agus Peadar Ó Conaill, ach ba scoláirí iad chomh maith. Ní mór cuimhneamh i gcónai ar na mionscriobhaithe. Bhí na scórtha daoine nach bhfuil oiread sin aithne orthu ag saothrú leo i ngan fhios don saol, iad ag caomhnú agus ag seachadadh an traidisiún do na glúnta a bhí le teacht. Duine díobh sin ab ea Seaghan Ó Fionnúcáin a bhí ag scriobh i gCora Fine sa cheathrú deireanach den 18ú haois. Tá ls. cláraithe i Maigh Nuad, SF 1,

scr. Seagn Ua Fionnughcainn (John Finucane) 1782 an leabhar Muimhneach, Cath Maighe Mucraimhe. Bhí an ls. i seilbh "James Mac Curtin" ar feadh tamaill agus bhreac sé lch. 104, 111-12 (?) "1836".³³

Tá colafan ar an ls. a deir:

MANUSCRIPT MEN

Finit air na scriobh le Seagn Ua Fionnughcainn cum a úghsaide
fein amhail do fuair sgríobhadh roimhe le hAindrias Mac Cruitín
an aois an Tigearna 1726 ...

agus

A leiththeoir ionmhuin, ní bhfuilim ach a pioca gach miondán,
duain et gach réad oile na fuairios go forleathan anseo³⁴

B'amhlaidh go raibh ls. Aindrias Mhic Cruitín ar iasacht ag Seán,
mar deir sé:

na dhéag so, badh cheart do Dhuain Uí Duinín do bheith
sgriobhadh ach ní raibh fhios agam an bhfagfaoi an leabhair
agam is fada agus do fagbha.³⁵

Fuair an tAthair Pádraig Ó Fiannachta an ls. seo SF 1 móide 4 cinn
eile (SF 2, 3, 4, 5) ar buaniasacht i gcóir leabharlann Mhaigh Nuad.
Tháinig siad ó thigh John Clancy, Oilean Bán, Inis Diomáin, Oíche
Shamhna 1970. Deir an t-Ath. Pádraig in alt a scriobh se i 1974:

They were particularly attached to one handsome volume, ‘Cath
Maighe Macroimhe’³⁶

seo í SF 1 gan dabht, agus do chuir sé nota beag leis an gclár i Má
Nuad a deir:

Tá SF 1 ar ais aige fein anois ... Bhí a lán lsí. tigh Uí
Fhlanncadha fadó; tugadh leath an bhailiúcháin go Meiriceá.³⁷

Agus is mar sin atá an scéal go fóill. Tá SF 1 thar nais in Inis
Diomáin. Tugadh an ls. sin SF 1 ó Chora Fine go hInis Diomáin an
chéad lá nuair a tharla sí i seibh “James Mac Curtin” a chuir lch.
104, lch. 111 agus 112 léi sa bhliain 1836. Is beag ls. eile de chuid
Sheáin Uí Phionnúcáin a mhair. Ní raibh aon cheann eile leis siúd sa
bhailiúchán a tháinig ó thigh Mhic Fhlanncadha, Oileán Bán. Tá ls.
amháin leis sa Leabharlann Náisiúnta,³⁸ agus ceithre cinn eile³⁹ a
tháinig go Maigh Nuad ó fhoinse eile. (Tá ls. eile le Seán Ó Fionn-
úcain san Acadamh Ríoga, 23 H 23 ach níl fágtha di ach aon
leathanach dúbailte amháin; is é bhí ann ná marbhna Mhurach Uí

Bhriain aistrithe go Béarla ag Micheál Coimín. Dar le hEoghan Ó Comhraí go raibh an chuid seo di imithe ar strae chomh fada siar le 1886, ach sé an tuairim atá agam ná gurb é seo go díreach atá cláraithe i Maigh Nuad fén uimhir C 113 (j) 24. Dá bhri sin, sin, seans nár cailleadh í in aon chor.)

Fágfaimid an t-ochtú céad déag go föillín agus raghaimid go hInis Diomáin mar a raibh scriobhai dùthraachtach i mbun pinn i lár an naoú céad déag. Is é duine atá i gceist agam ná Micheál Ó Raghdallaigh. Tá suas le scór lámhscreibhinn áirithe agam ó lámh Mhichíl Uí Raghdallaigh. Ní fhéadfá gan gean do chroi a thabhairt don scriobhai seo mar ba mhionmhinic a chuir sé forrán orainn-ne, na léitheoirí. Tá an colafan is cáiliúla dár scriobh sé le fail i lámhscreibhinn Renehan 69 atáanois ar caomhnú i leabharlann Ollscoil Mhaigh Nuad. Bailiúchán filiochta, filiocht an Chláir ach go háirithe, móide laoithe fiannaiochta atá sa ls. seo a scriobhadh “i bparóiste Chill Mhainithinn a Corcomruadh” sa bhliain 1848 i “m bliadhainn an áir agus an ocras ionnar éag na mílte duine le uireasbadh bigh”. Scriobhadh í “chum usáide Mhichíl i Mhaoldomhna na Baichille”. Nuair a bhí deireadh déanta ag Micheál, chuaigh sé siar agus chuir sé an brollach seo leis an iomlán:

Cnuasaíodh na duanta so as iliomad de sheanleabhraibh do tharla liom sa tir seo, go sonraitheach, a bhfuil de laothe na Féinne ann sa leabhar a scriobhadh i mBaile Áth Cliath tulleadh agus dhá chéad bliain ó shoin. Mórán den chuid eile is iad filí na Mumhan ro chan iad. Atá beagán diobh do canadh le fir atá ina mbeatha fós, agus do mhair mórán diobh san ochtú céad déag, agus cuid eile roimhe sin. A léitheoir ionúin, ná tabhair aithis ná milleán orm trí olcas an scribhinn atá sa leabhar seo, óir is fear ceirde mé agus is i m'aimsir dhiomhaoin do rinne mé an chnuasacht seo. Dá bhri sin ní féidir é a bheith chomh slachtmhar le scribhinn do dhéanfeadh fiorchléireach. Ach thairis sin, an tan do chonarcas dom nach raibh aoinneach do lucht mo chomhaimsire ag cnuasacht a bheag de shaothar ár bhfillí, do mheas mé gan iad uile do léigean ar fán. Ach is beag an tairbhe iad do chosaint óir is naireach lenár n-aos óg teanga a sinsear a fhoghlaim. Dá bhri sin ní bhia focal Gaeilge sa ríocht seo i gceann céad bliain, má leanaid an nós atá acu le mo chuimhne fein.⁴⁰

MANUSCRIPT MEN

Sa cholafan seo, chítéar dom go mbraithimid éirim agus *raison d'être* scrióbaithe na linne sin:

- [1] an tuiscint a bhí acu don sean agus iad ag bailiú leo as na seanleabhair d'fhoinn an léann a chaomhnú
- [2] an meas a chuaigh do na filí comhaimseartha
- [3] an srian a bhain leis an scribhneoir páirtaimseartha
- [4] agus an nóta dobrónach sin faoin aos óg a bheith ag tabhaint droim láimhe dá n-oidhreacht.

Criochnaíonn sé an colafan:

Do bhí mé aimsir imchian ag cruinniú gach saothar dá bhfuil sa leabhar seo. Aitim gach léigtheoir do léifeas a bheag den leabhar seo, guí a chuir i láthair Dé re hanam an scribhneora .i. Mícheál Ó Raghailligh.

Tá cuid de ls. bhrefá eile leis i Maigh Nuad, i R97. Cnuasach de scéalta agus d'eachtraí atá anseo. Thóg sé tamall de bhlianta air an cnuasach seo a chur i dtoll a chéille, Mártá 1827 an dáta is luithe aige agus an 10ú de Dheireadh Fómhair 1846 an dáta is déanaí, mar sin, ní haon ionadh nár mhaith leis go ndéanfaí scríos ar a shaothar. Deir sé:

A léigtheoir ionmhuinn dhéarsnuidhe, ag so tionsúghadh, ilchiomasgaighthe do rinne mé ar fabhaillsgéalta do réir mar thárladh a bhfaghail a seanleabhabharaibh eile agus beagán do shaothar ar bhfilidh léighiondadh san aois dhéanach . . . is cearduídhe mé an aimsir diobhainn do sgríobh mé an saothar so. Oir bhí mé morán bliaghanta dá chnuasacht. Atáim dá iaraidh gan leigint d'aos óg nó d'aos ainmhbhios dul do sgríobh ar an leabhar so. Má nídhid(h) beith mo mallacht aca: . . guíheadh ar anam an sgríobhnoir.⁴¹

Mícheal Ó Raghailligh.

Arís is arís eile, gabhann an scriobhai dúthrachtach seo ar bpardún le heagla go mbeadh aon lúb ar lár ina chuid oibre. Dhein sé cóip den Leabhar Mhuimhneach le hAindrias Mac Cruitín - sin í ls. R.70

i Maigh Nuad. Dhá ls. eile leis an Raghallach atá i Má Nuad, C7 agus blúire beag de C71 móide lss. eile a leasaigh sé. Tá ar a laghad ceithre chnuasach ó lámh Uí Raghallaigh ar caomhnú in Acadamh Ríoga na hÉireann.⁴² Bhí scriobhaithe áirithe tugtha go maith do bheatha na Naomh. Sampla maith de seo ó lámh Mhichíl is ea 3 B 2 san Acadamh, a chóipeáil sé idir na blianta 1842 agus 1846 in Inis Díomáin. Tá cóip de bheatha Naomh Maighréad agus de bheatha Naomh Seanán le fáil inti seo. Ba í eiseamláir a d'usáid sé do bheatha Sheanáin ná lámhscríbhinn a bhí ar iasacht aige óna chara agus a chomhscríobhai a bhí ag scriobh thíos i gCill Ruis, i. Micheál Ó hAnnracháin. Rud inspéisí i gcónai is ea féachaint ar na sínithe a bhíonn ar lámhscríbhinní. Seo cúpla ainm ó lámhscríbhinn eile le Micheál san Acadamh, 24 I 9: "John O'Shea of Tullig (1846) . . . Professor of Mathematics etc. "Patrick Austin Taylor, Anniscaul in the County of Kerry" . . . (i bpeannaireacht Uí Shé) Donchadh Mac Mathghamhna" (athair an scríobhai, Tomás Mac Mathghamhna)... "Patrick O'Connor, Kilrush", sin í lámh Phádraig í Chonchubhair ó Chill Ruis agus tá siniú an scríobhai Muiris Ó Conchubhair uirthi chomh maith.Luaigh Pádraig Ó Fiannachta cheana go raibh an-bhá ag muintir an Chláir - Tuaisceart an Chláir go háirithe - le Cúige Uladh agus go raibh sé de nós ag clanna a nginealach a rianadh siar go dtí Feargus Mac Róich. I lámhscríbhinn 3 B 31 san Acadamh - tá fianaise bħreá againn go raibh scéalta Uladh beo i gCo. an Chláir ag an am sin, mar tá againn ansin cóip de "Oiliomhuint Conguillionn" tógha síos ag Micheál ó aithris béal, de réir dealraimh:

Gabh mo leisgéal, a léitheor ionmhuinn ansná lochtuidh do casfar ort san sgéal so do bhrígh nach raibh éagsompláir againn ach é a chur síos ó fhocail béal duine eile agus is é an fáth fár scribh mé é do bhrígh nár casadh orainn ar pápaor riamh é.⁴³

Tá dhá chnuasach ollmhóra eile ó pheann Mhichíl Uí Raghallaigh i measc na lámhscríbhinní breise a tháinig chuig leabharlann na hOllscoile, Gaillimh. Áiritear iad mar lámhscríbhinn bħreise 2 agus lámhscríbhinn bħreise 9. Filiocht Mhuimhneach, go háirithe filiocht Thuadhmhumhan, laoithe Fiannaíochta agus prós fiannaíochta atá iontu seo. Ar deireadh thiар, b'ēigean don scríobhai dúthrachtach



MANUSCRIPT MEN

seo snáth a choimeád faoin bhfiacail agus ar ndóigh, ní raibh slí níos fearr ná cíuteamh d'fháil ar a chuid scriobhneoireachta, dá mb'fhéidir é. Faighimid léargas an-mhaith de seo i dtéacs na litreach seo a scriobh Micheál chuig Sir Lucius O'Brien i gCaisleán Dhroim Ólainn:

Ennistymon, July 31st 1841

Honrd Sir. The bearer Patrick McMahon has informed me that your Hon^r wanted to buy some Irish Manuscripts. He called on me thinking I might have some for sale. I have at present only one manuscript to dispose of as I sold the two only valuable manuscripts I had to Mr. O'Donovan of Dublin and his colleagues of which I have retained a copy and if y^r hon^r is anxious to have said copies transcribed or any other worth (sic) in my possession I'm at y^r Hon^{rs} service . . . I have many fragments of ancient history in prose and verse, also genealogies of the ancient families of the Kingdom. Andrew Finucane Esq^r of Ennistymon house told me when I wrote a genealogy of that Illustrious Family of that house for his use that he would represent me to you^r Hon^{rs} notice knowing you to be a lover of the language. I take the liberty of subscribing myself y^r Honours humble and most obedient servant.

Michl O'Reilly.⁴⁴



Ag sin, más ea, éachtaint bheag ar na *manuscript men* (agus fir dob ea iad ar fad geall leis) a bhí i mbun pinn i gContae an Chláir san oochtú agus sa naoú céad déag. Leanadh den traidisiún sin amach sa naoú céad déag le scoláirí móra dála Bhriain Uí Luana agus an scoláire ba mhó dár shiolraigh ó mhuintir an Chláir, an t-Ollamh Eoghan Ó Comhraí. Leanadh den traidisiún chomh maith céanna ag na scriobhaithe beaga, na daoine dílse sin nach eol duinn go minic fúthu ach a n-ainm nó a lámh.

Noda

Aberystwyth: Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige,
Clár: P. Ó Riain, *Clár na Lámhscríbhinní Gaeilge sa Bhreatain Bhig*, 1968.

Brit. Lib., [B.L.], Cat.: S. H. O'Grady, R. Flower, *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum*, i, ii, Athchló, B.A.C., 1992, iii, London, 1953.

Leabh. Náis., [L.N.], Cat.: N. Ní Shéaghdha, P. Ó Macháin, *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library*, i-xiii, 1961-96.

Má Nuad, [M.N.], Clár: P. Walsh, *Catalogue of Irish Manuscripts in Maynooth College Library*, i, 1943; P. Ó Fiannachta agus P. Ó Maoileachlainn, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, Clár ii-viii, 1965-73.

R.I.A., Cat.: Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy, i-xxviii, 1926-70.

NÓTAÍ

¹ Athinsint air seo ag P. de Brún in *Comhar*, Samhain, 1972, p.15.

² Pádraig Ó Fiannachta, ‘Lámhscríbhinní Gaeilge Mhaigh Nuad’ in *Léachtaí Cholm Cille*, xxiii, 1973 pp 177 ff.

³ Michéal Ó Raghnalláigh a scríobh i *Má Nuad*, R. 66, (i).

⁴ R.I.A., 13 0 10; 23 G 9; 23 E 10.

⁵ L.N., G 599.

⁶ B.L., Add., 91,027.

⁷ Aberystwyth, A 21; R.I.A., 3 C 18; Má Nuad, R 66.

⁸ R.I.A., 3 C 18, p. 203.

⁹ *Proc. R.I.A.*, iml. 3, straith iii, pp 218-22.

¹⁰ *Ibid.*, pp 218-9.

¹¹ Má Nuad, R 66, 103-4.

¹² Liam Ó Luaignigh, *Dánta Aindréis Mhic Cruitín*, Ennis, 1935, pp 31-3.

¹³ Má Nuad, C 41, p. 1.

¹⁴ Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, B.A.C., 1982, p. 239.

MANUSCRIPT MEN

¹⁵ Má Nuad, C 93; C 58; R.I.A., 23 M 52.

¹⁶ Má Nuad, C 37.

¹⁷ Má Nuad, R 69.

¹⁸ ÓLuaighaigh, *op. cit.*, p. 60.

¹⁹ R.I.A., 23 H 22, p. 47.

²⁰ D. F. Gleeson, 'Peter O'Connell: Scholar and Scribe', *Studies*, Meán Fómhair, 1944, p. 343.

²¹ ÓLuaighnigh, *op. cit.*, réamhrá.

²² B.L. *Cat.*, 1, p. 161.

²³ *Ibid.*, p. 162.

²⁴ Má Nuad, C 74 (g) p. 8.

²⁵ Mrs. M. J. O'Connell, 'The Last of the Shanachies', *The Irish Monthly*, xiv, 1886, pp 27ff.

²⁶ *Ibid.*

²⁷ *Ibid.*

²⁸ B.L. *Addendum.*, 20, 718.

²⁹ R.I.A. 23 C 29.

³⁰ Maigh Nuad, C 68.

³¹ Maigh Nuad, C 99, p. 107.

³² Maigh Nuad, C 38 (k).

³³ Maigh Nuad, *Clár vii*, p. 7.

³⁴ *Ibid.*, pp 7-8.

³⁵ *Ibid.*, p. 9.

³⁶ P. Ó Fiannachta, 'The Irish Traditions of Clare', *Mount St. Joseph, Ennistymon, 1824-1974*, Ennistymon, 1974, p. 49.

³⁷ Maigh Nuad, *Clár vii*, p. 7.

³⁸ L.N., G 1132.

³⁹ Maigh Nuad, M 111; C 70 (g); C 72 (3); C 113 (j).

⁴⁰ Maigh Nuad, R.69, i.

⁴¹ Maigh Nuad, R97, i.

⁴² R.I.A., 23 0 40; 24 1 9; 3 B 30; 3 B 2; tharlodh gur leis chomh maith 3 B 31.

⁴³ R.I.A., 3 B 31, p. 17.

⁴⁴ Téacs na litreach seo le fáil i dteannta Ls. G990 sa Leabharlann Náisiúnta ar leath-anach gan uimhir.